# Téarmaí Scéim neamhnochta ex gratia CervicalCheck

1. **Réamhrá**

Leis an scéim seo, cuirtear chun feidhme an cinneadh a rinne an Rialtas an 18/12/2018 go mbunófaí scéim *'chun a chinntiú go dtabharfar aghaidh ar thionchar an neamhnochta don 221 bhean lena mbaineann, gan dul i muinín na cúirte, trí scéim neamhreachtúil a bhunú chun íocaíochtaí ex gratia a dhéanamh'.*

## 2. Forbhreathnú ar an Scéim

Is é an aidhm atá leis an Scéim ná aghaidh a thabhairt ar shaincheist an neamhnochta go tapa. Is é is aidhm don Scéim rogha mhalartach atá dírithe ar an duine agus a sheoltar ar mhodh neamhsháraíochta a thabhairt do na mná a ndearna saincheist neamhnochta CervicalCheck difear dóibh. Ar an mbonn sin, is breac-chuntas ardleibhéil ar an Scéim é an méid seo a leanas:

**Cuspóir** – is é an aidhm atá le híocaíocht ex gratia ná a aithint nach ndearnadh nochtadh ar bhealach cuí tráthúil i roinnt cásanna agus íocaíocht a dhéanamh leis na mná sin as tionchar an neamhnochta. Níorbh é an toradh a bhí ar an neamhnochtadh gur moillíodh an chóireáil a tugadh nó go ndearnadh difear don chóireáil a tugadh agus léireofar é sin sa tsuim a íocfar. Cé nach ann do rud ar bith sa Scéim a chuirfear cosc ar iarratasóir éileamh ar chúiteamh a dhéanamh lasmuigh den scéim agus dámhachtain a fháil, más féidir, ba cheart don Chúirt nó don Bhinse an tsuim a fuarthas cheana féin faoin Scéim ex gratia a chur san áireamh sna cúinsí sin.

**Incháilitheacht le haghaidh Íocaíochta**
Tá incháilitheacht le haghaidh íocaíochta faoin Scéim teoranta do chohórt an 221 bhean ar sainaithníodh san iniúchadh cliniciúil go raibh neamhréireacht ann i dtoradh a dtástála smearaidh, agus ar ina leith nár nochtadh an fhionnachtain ar bhealach cuí tráthúil.

**Painéal Measúnachta Neamhspleách** – Bunóidh an tAire Painéal Measúnachta Neamhspleách a bheidh comhdhéanta de Bhreitheamh Ard-Chúirte ar scor (a ghníomhóidh mar Chathaoirleach), cliniceoir neamhspleách, agus duine a bhfuil dea-stádas aige/aici.

Mar achoimre, beidh na nithe seo a leanas i gceist le ról an Phainéil Mheasúnachta Neamhspleách:

- Tabhairt faoi chleachtadh, **ar bhunú an phainéil**, chun cinneadh a dhéanamh maidir le suim chuí na híocaíochta ex gratia, agus aird á tabhairt ar an neamhnochtadh agus ar an tionchar a bhí aige araon. Ba cheart é sin a bhreithniú i bhfianaise na ngnáthdhamáistí ginearálta a dhámhtar i gcásanna lena mbaineann cruthú néarógach fulaingthe mothúchánaí/gortaithe shíciatraigh. Íocfar an t-aon suim amháin i ngach cás rathúil.
- Iarratas a dhéanamh ar gach iarratas in aghaidh critéir réamhshainithe (atá leagtha amach in Aguisín 1) **ansin** chun a fháil amach cé acu a rinneadh nó nach ndearnadh nochtadh ar bhealach cuí tráthúil.

- I gcás go gcinnfidh an Painéal Measúnachta Neamhspleách nach ndearnadh nochtadh ar bhealach cuí tráthúil, tabharfaidh Cathaoirleach an Phainéil, i.e. an Breitheamh, treoir don Éascaitheoir an íocaíocht a eisiúint chuig an iarratasóir.

Is ar bhonn ex gratia a dhéanfar gach tairiscint agus íocaíocht a dhéanfar faoin Scéim seo. Cinneadh críochnaitheach is ea cinneadh an Phainéil Mheasúnachta Neamhspleách ar íocaíocht a dhámhachtain nó gan íocaíocht a dhámhachtain.

## MIONSONRAÍ FAOIN SCÉIM

### 3. Raon Feidhme agus Prionsabail

- Tá raon feidhme foriomlán na scéime teoranta do chohórt an 221 bhean ar sainaithníodh san iniúchadh cliniciúil go raibh neamhréireacht ann i dtoradh a dtástála smearaidh.
- Maidir le híoc na suime ex gratia, tá sé teoranta do na mná sin ar ina leith a fhaightear amach, ach critéir réamhshainithe a úsáid, nach ndearnadh fionnachtana iniúchadh CervicalCheck a nochtadh ar bhealach cuí tráthúil.
- Beidh mná in ann a roghnú cé acu a ghlacfaidh nó nach nglacfaidh siad páirt sa Scéim, i.e. is scéim rannpháirtíochta deonaí í.
- Cruthaítear an Scéim ar bhonn neamhreachtúil agus is scéim ex gratia í.
- Má ghlacann bean páirt sa Scéim, ní chuirfear cosc uirthi leanúint le héileamh (nó éileamh a thosú) i ndáil le CervicalCheck. Mar sin féin, ba cheart an tsuim a íocadh faoin scéim ex gratia a chur san áireamh in aon dámhachtain in aghaidh an Stáit as neamhnochtadh.
- Ag an am, ní raibh aon oibleagáid dhlíthiúil ná reachtúil ar an Stát torthaí an phróisis iniúchóireachta a nochtadh, rud a rinneadh d’fhonn ardcháilíocht CervicalCheck a chinntiú. Léireofar san íocaíocht a thairgfear gurb amhlaidh, i gcásanna áirithe, nach ndearnadh fionnachtana iniúchadh CervicalCheck a nochtadh ar bhealach cuí tráthúil agus go ndearna sé sin difear don duine aonair. Níorbh é an toradh a bhí ar an neamhnochtadh gur moillíodh an chóireáil a tugadh nó go ndearnadh difear don chóireáil a tugadh agus léireofar é sin sa tsuim a íocfar.
- Tabharfar an t-aon suim amháin do gach iarratasóir a meastar nach bhfuair sí nochtadh ar bhealach cuí tráthúil.
- Ní bheidh cáin ioncaim ag gabháil le híocaíocht faoin Scéim seo agus tabharfar neamhaird uirthi nuair atáthar ag measúnú acmhainne chun críocha cárta liachta, cárta cuairte liachleachtóra ghinearálta, íocaíochtaí seachtainiúla cúnaimh shóisialaigh, méaduithe d’aosaigh cháilithe, na hÍocaíochta do Theaghlach i bhFostaíocht, agus Scéim an Liúntais Leasa Forlíontaigh. Chomh maith leis sin, beidh sí díolmhaithe ó mheasúnú chun críocha na Scéime Tacaíochta do Thithe Altranais.

### 4. Róil

Bunóidh an tAire “**Painéal Measúnachta Neamhspleách**” a bheidh comhdhéanta de Bhreitheamh Ard-Chúirte ar scor (a ghníomhóidh mar Chathaoirleach), cliniceoir neamhspleách, agus duine a bhfuil dea-stádas aige/aici.

Is Breitheamh Ard-Chúirte ar scor é "**an Breitheamh**", a dhéanfaidh cathaoirleacht ar an bPainéal Measúnachta Neamhspleách.

Is é an Roinn Sláinte "**an tÉascaitheoir**" don Scéim.

## 5. Ainm

Beidh an Scéim dar teideal "*Scéim neamhnochta ex gratia CervicalCheck*" arna bunú ag an Aire Sláinte agus arna héascú ag an Roinn Sláinte.

## 6. Daoine atá incháilithe le haghaidh íocaíochta faoin Scéim

Tá incháilitheacht le haghaidh íocaíochta faoin Scéim teoranta do chohórt an 221 bhean ar sainaithníodh san iniúchadh cliniciúil go raibh neamhréireacht ann i dtoradh a dtástála smearaidh, agus ar ina leith nár nochtadh an fhionnachtain ar bhealach cuí tráthúil.

I gcás go bhfuil an bhean ar shlí na fírinne, tabharfar cuireadh dá heastát páirt a ghlacadh sa Scéim.

Maidir le mná ar dámhadh damáistí dóibh cheana féin, nó a tháinig ar shocraíocht ar éileamh, i leith aon éilimh a tháinig as neamhnochtadh thorthaí an iniúchta, beidh siad i dteideal an difir idir an tsuim ex gratia, má tá an tsuim sin níos airde, agus an tsocraíocht bunaidh, faoi réir na critéir incháilitheachta a chomhlíonadh.

## 7. Cearta dlíthiúla an Iarratasóra

Má ghlacann bean páirt sa Scéim, ní chuirfear cosc uirthi leanúint le héileamh (nó éileamh a thosú) i ndáil le CervicalCheck (bíodh sé bainteach le faillí i léamh an smearaidh, le neamhnochtadh, nó leis an dá cheann díobh). Dá ainneoin sin, ba cheart don Chúirt nó don Bhinse aon dámhachtain in aghaidh an Stáit as neamhnochtadh a chur san áireamh.

## 8. An tacaíocht atá ar fáil

Ós rud é nach mbeartaítear gur iarratais sáraíochta iad iarratais ar an Scéim, níltear ag súil go mbeidh ionadaíocht dhlíthiúil ag teastáil ón Iarratasóir. Dá ainneoin sin, is féidir go mbeidh fonn ar iarratasóir dul i ndáil chomhairle le haturnae agus comhairle dlí agus cúnamh dlí a fháil agus iarratas á dhéanamh aici ar íocaíocht faoin Scéim. Dá réir sin, cuirfear in iúl do gach duine aonair dá dtabharfar iarratas páirt a ghlacadh sa Scéim go mbeidh liúntas ann, a íocfar ar bhonn dearbhaithe, le haghaidh comhairle dlí i ndáil leis an gcinneadh chun páirt a ghlacadh inti agus i ndáil le rannpháirtíocht leanúnach. Beidh an liúntas teoranta do €1,500 móide CBL.

## 9. Suim na híocaíochta ex gratia

Déanfaidh an Painéal Measúnachta Neamhspleách cinneadh maidir le suim chuí na híocaíochta. Beidh an tsuim cothrom leis an tsuim a íocfar le gach iarratasóir rathúil a meastar nach bhfuair sí nochtadh ar bhealach cuí tráthúil.

**10. Daoine nach bhfuil incháilithe le haghaidh aon íocaíocht a fháil faoin Scéim**

- Ní incháilithe le haghaidh páirt a ghlacadh sa Scéim a bheidh mná nach bhfuil ar áireamh i gcohórt an 221 bhean.
- Iarratasóir a meastar, tar éis measúnú atá bunaithe ar na critéir réamhshainithe (atá leagtha amach in Aguisín 1), go bhfuair sí nochtadh ar bhealach cuí tráthúil.
- Iarratasóir nach gcomhoibríonn, i dtuairim an Phainéil Mheasúnachta Neamhspleách, ar bhealach ábhartha ar bith le ceanglais réasúnacha an Phainéil Mheasúnachta Neamhspleách le linn an tIarratas a phróiseáil.

**11. Nós imeachta**

**11.1 Cuireadh chun páirt a ghlacadh sa Scéim**

Tabharfaidh Oifigigh Idirchaidrimh de chuid Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) fógra faoin Scéim, agus faoin rogha atá acu chun bheith rannpháirteach, do na mná uile atá incháilithe chun páirt a ghlacadh inti (an 221 bhean atá sa chohórt nó eastát na mban sin). Iarrfar ar an duine aonair lena mbaineann an cinneadh uaithi páirt a ghlacadh sa Scéim a dheimhniú. Míneofar san fhógra raon feidhme agus cuspóir na Scéime agus na critéir incháilitheachta. Cuirfear foirm toilithe agus aon doiciméid eile atá riachtanach faoi iamh leis an bhfógra. Mar aon le faisnéis faoin Scéim, cuirfear trí cheist san fhoirm toilithe:

1. An mian leis an duine aonair páirt a ghlacadh sa scéim.
2. Ar nochtadh torthaí a hiniúchta don duine aonair agus, má nochtadh, ar nochtadh iad ar bhealach inghlactha, dar léi. Soiléireofar sa doiciméad na critéir le haghaidh nochtadh cuí. (Tabhair faoi deara: ní chuirfear cosc ar dhuine aonair bheith incháilithe le haghaidh íocaíochta i gcás go ndéarfaidh sí go ndearnadh nochtadh – déanfaidh an painéal measúnacht ar cé acu a rinneadh nó nach ndearnadh an nochtadh ar bhealach cuí tráthúil)
3. An dtoilíonn an duine aonair le faisnéis phearsanta (amhail ainm, seoladh, mionsonraí bainc, taifid nochta nó taifid eile a bhaineann leis an neamhnochtadh) a bheith á soláthar don Phainéal Measúnachta Neamhspleách chun críocha incháilitheacht le haghaidh íocaíochta a chinneadh agus chun críocha riaracháin araon.

Beidh san fhógra freisin faisnéis faoi na tacaí atá ar fáil agus dearbhú maidir le rúndacht an duine aonair. Soláthrófar clúdach faoi stampa is seoladh, ach féadfar toiliú a thabhairt tríd an ríomhphost chomh maith. Cé nach leagfar spriocdháta síos, tabharfar spreagadh do dhaoine aonair freagra a thabhairt go tráthúil ionas gur féidir an scéim a chur ar aghaidh.

Cuirfidh FSS ar aghaidh chuig an bPainéal Measúnachta Neamhspleách mionsonraí na ndaoine sin a chuir in iúl go bhfuil siad toilteanach páirt a ghlacadh sa Scéim agus a bhfuil an fhoirm toilithe sínithe acu. Cuirfidh sé taifid nochta an rannpháirtí ar aghaidh chuig an bPainéal freisin.

**11.2 An Painéal Measúnachta Neamhspleách**

Seolfaidh an Painéal Measúnachta Neamhspleách admháil chuig an iarratasóir á rá go bhfuarthas an t-iarratas agus na doiciméid tacaíochta.

**An tSuim a Chinneadh:**

Déanfaidh an Painéal Measúnachta Neamhspleách na nithe seo a leanas:

- Athbhreithniú a dhéanamh ar an bhfaisnéis ábhartha a bhaineann leis an nochtadh (lena n-áireofar: An Tuarascáil Deiridh ó Fhiosrúchán Scóipe an Dochtúra Gabriel Scally ar CervicalCheck agus Beartas Nochta Oscailte FSS). Cinnteoidh éascaitheoir na Scéime go mbeidh an fhaisnéis ábhartha ar fad ar fáil don Phainéal Measúnachta Neamhspleách.
- Cinneadh a dhéanamh maidir le méid cuí na híocaíochta ex gratia, agus aird á tabhairt ar an neamhnochtadh agus ar an tionchar a bhí aige araon. Ba cheart é sin a bhreithniú i bhfianaise na ngnáthdhamáistí ginearálta a dhámhtar i gcásanna lena mbaineann cruthú néarógach fulaingthe mothúchánaí/gortaithe shíciatraigh.

**<u>Neamhnochtadh a chinneadh:</u>**

A luaithe is deimhin leis go dtagann an t-iarratasóir faoi chohórt an 221 bhean, déanfaidh an Painéal Measúnachta Neamhspleách scrúdú ar gach iarratas in aghaidh chritéir na Scéime (mar atá leagtha amach in Aguisín 1) chun a fháil amach cé acu a rinneadh nó nach ndearnadh nochtadh ar bhealach cuí tráthúil. Tá na critéir mar chuid den scéim, mar atá ceadaithe.

**<u>Treoracha chun íocaíocht a eisiúint agus fógra a thabhairt faoi thorthaí</u>**

- I gcás go gcinnfidh an Painéal Measúnachta Neamhspleách nach ndearnadh nochtadh ar bhealach cuí tráthúil, tabharfaidh Cathaoirleach an Phainéil, i.e. an Breitheamh, treoir don Éascaitheoir an íocaíocht a eisiúint chuig an iarratasóir.
- I ngach cás, tabharfaidh an Painéal Measúnachta Neamhspleách fógra d’iarratasóirí faoi na torthaí agus, i gcás iarratasóirí nach n-éireoidh leo, míneoidh sé na cúiseanna leis an gcinneadh sin dóibh.
- Socróidh an Painéal Measúnachta Neamhspleách go seolfar ar ais chuig an iarratasóir nó chuig a haturnae na doiciméid uile a chuir sí nó a haturnae faoi bhráid an Phainéil Mheasúnachta Neamhspleách.
- Cuirfidh an Painéal Measúnachta Neamhspleách Tuarascáil ar an Scéim faoi bhráid an Aire tar éis 6 mhí, nuair a bheidh a chuid oibre críochnaithe.

Déanfaidh an tÉascaitheoir íocaíochtaí go díreach isteach i gcuntas bainc an iarratasóra agus seolfar litir chuig an iarratasóir á rá go ndearnadh an íocaíocht.

I gcás go bhfaighidh iarratasóir bás tar éis an t-iarratas a dhéanamh ach sula bhfaighfear aon íocaíocht, aistreofar na cistí chuig a heastát.

## <u>12. Éascaitheoir na Scéime:</u>

Is í an Roinn Sláinte a éascóidh an Scéim. Ní ghabhann aon chumhachtaí cinnteoireachta leis an ról sin.

Is iad seo a leanas na príomhchúraimí a bheidh ar an Éascaitheoir:

- An Scéim a phoibliú.

- Ar iarratas ón Aire, iarraidh ar Oifigigh Idirchaidrimh FSS cuireadh a thabhairt do mhná, nó dá n-eastáit, páirt a ghlacadh sa Scéim.
- Tacaíocht riaracháin agus rúnaíochta a shocrú don Phainéal Measúnachta Neamhspleách, de réir mar a éileoidh an Cathaoirleach í.
- A chinntiú go mbeidh tacaí ar fáil trí Oifigigh Idirchaidrimh FSS.
- A chinntiú go ndéanfar íocaíochtaí le hiarratasóirí ar bhealach tráthúil, ar threoir a fháil ó Chathaoirleach an Phainéil Mheasúnachta Neamhspleách.
- Taifid ar na híocaíochtaí a rinneadh a choinneáil chun críocha iniúchóireachta.

## AGUISÍN 1

**An próiseas a leanfar chun a fháil amach cé acu a rinneadh nó nach ndearnadh nochtadh ar bhealach cuí tráthúil:**

- **Féindeimhniú ag an iarratasóir** - iarrfar ar iarratasóirí a fhéindeimhniú cé acu a rinneadh nó nach ndearnadh nochtadh agus cé acu, i dtuairim an iarratasóra, a rinneadh nó nach ndearnadh an nochtadh ar bhealach inghlactha.
- **Scrúdú ar chomhaid an othair** - chun a fháil amach cé acu a thuairiscigh nó nár thuairiscigh cliniceoir go ndearnadh nochtadh. I gcás gurb amhlaidh go ndearnadh an nochtadh, ba cheart é sin a léiriú i nótaí comhaimseartha ar chomhad leighis an othair. Dá bhrí sin, ba ghá don Phainéal Measúnachta Neamhspleách na sleachta ábhartha ó chomhaid na n-othar a dhéanfaidh iarratas chuig an Scéim a iarraidh chun a chinntiú go mbeidh aon chinneadh bunaithe ar an bhfaisnéis ar fad atá ar fáil.
- **Cinneadh maidir le cé acu a rinneadh nó nach ndearnadh nochtadh** ar bhealach cuí tráthúil, i.e. i gcás gur dhoiciméadaigh an cliniceoir:
    - an dáta a rinneadh an nochtadh
    - an fhaisnéis a tugadh don othar, go háirithe go ndearnadh athbhreithniú ar na tástálacha smearaidh a rinneadh uirthi roimhe sin mar chuid den mhórphróiseas iniúchóireachta agus gur thángthas ar an gconclúid nár aicmíodh ceann amháin nó níos mó de na tástálacha sin i gceart
    - aon cheisteanna a chuir an t-othar ar an gcliniceoir agus na freagraí a thug an cliniceoir orthu

- **I gcás nach ann d'aon nótaí den sórt sin**, nó i gcás nach féidir leis an measúnóir teacht ar an gconclúid uathu go ndearnadh nochtadh ar bhealach cuí tráthúil, mheasfaí gur cheart a chinneadh go bhfuiltear i dteideal íocaíocht a fháil, ar choinníoll gur comhlíonadh na critéir ábhartha eile ar fad.